2025/1719

1.8.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1719 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Bealtaine 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le comhordanáidí geografacha in Iarscríbhinní VII agus XIII a ghabhann leis

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1241 leagtar síos bearta teicniúla chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint. Go háirithe, leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na bearta teicniúla a bunaíodh ar an leibhéal réigiúnach le haghaidh Uiscí an Iardheiscirt, agus in Iarscríbhinn XIII a ghabhann leis leagtar amach bearta maolaithe chun gabhálacha de thaisme de speicis íogaire a laghdú.

(2) Leasaíodh Rialachán (AE) 2019/1241 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún ([2]) agus rinneadh é a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3204 ón gCoimisiún ([3]). Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún bunaíodh roinnt iaimh ama-limistéir in Uiscí an Iardheiscirt. Lean an Rialachán Tarmligthe sin moladh comhpháirteach a chuir an Bheilg, an Fhrainc, an Ísiltír, an Phortaingéil agus an Spáinn, Ballstáit Uiscí an Iardheiscirt, isteach i mí an Mhárta 2021. Rinneadh mionsonrú sa mholadh comhpháirteach sin ar chomhordanáidí geografacha na limistéar inar cheart feidhm a bheith ag na bearta.

(3) Chuir Ballstáit Uiscí an Iardheiscirt an Coimisiún ar an eolas faoi earráidí i gcomhordanáidí geografacha na limistéar in iarthar Mhuir Chantabrach, ar aghaidh Asturias agus na Gailíse, agus d'iarr siad go gceartófaí iad. Tá na hearráidí le feiceáil i ngach leagan de na teangacha oifigiúla den téacs, agus ba cheart Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 a cheartú dá réir.

(4) Leasaíodh Rialachán (AE) 2019/1241 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303 ón gCoimisiún ([4]), agus tar éis na leasuithe sin bunaíodh leis iaimh limistéir agus srianta iascaireachta i roinnt limistéar i Muir Bhailt chun gabhálacha de thaisme de mhuc mhara Cheartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú. Lean an Rialachán Tarmligthe sin dhá mholadh chomhpháirteacha a chuir an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, agus an tSualainn, Ballstáit Mhuir Bhailt ('BALTFISH'), isteach i mí na Nollag 2020 agus i mí Mheán Fómhair 2021, faoi seach. Rinneadh mionsonrú sna moltaí comhpháirteacha sin ar chomhordanáidí geografacha na limistéar inar cheart feidhm a bheith ag na bearta.

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/56 ón gCoimisiún an 19 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta teicniúla sonracha le haghaidh deargán (*Pagellus bogaraveo*) i bhfolimistéar 6 go 8 ICES (IO L 5, 6.1.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/56/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3204 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbreallach féithghearr agus leis an deargán (IO L, 2024/3204, 31.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3204/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/303 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le bearta chun gabhálacha de thaisme de líon na muc mhara atá i gCeartlimistéar Mhuir Bhailt (*Phocoena phocoena*) a laghdú i Muir Bhailt (IO L 46, 25.2.2022, lch. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/303/oj).

(5) Chuir BALTFISH an Coimisiún ar an eolas faoi earráidí i gcomhordanáidí geografacha na suíomhanna Adlergrund agus Banc Thuaidh Lár Mhuir Bhailt agus d'iarr sé go gceartófaí iad. Tá na hearráidí le feiceáil i ngach leagan de na teangacha oifigiúla den téacs, agus ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 a cheartú dá réir.

(6) Ba cheart Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní VII agus XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní VII agus XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn VII, i gCuid C, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5.1:

‘5.1. Ón 1 Feabhra go dtí an 30 Meán Fómhair gach bliain, beidh toirmeasc ar iascaireacht le spliéir ghrinneallsocraithe agus tráil ghrinnill i limistéar thiar de Mhuir Chantabrach, ar aghaidh Asturias agus na Gailíse, laistigh de na limistéir a iniatar trí na comhordanáidí seo a leanas a cheangal le chéile go seicheamhach le rumlínte, a dhéanfar a thomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84:

— 43°47’00” T, 005°15’00” I

— 43°47’00” T, 005°12’00” I

— 43°43’00” T, 005°12’00” I

— 43°43’00” T, 005°15’00” I

— 43°55’00” T, 006°46’00” I

— 43°55’00” T, 006°37’00” I

— 43°53’00” T, 006°46’00” I

— 43°53’00” T, 006°37’00” I

— 44°00’49” T, 007°01’12” I

— 44°00’49” T, 006°57’26” I

— 43°58’32” T, 006°57’26” I

— 43°58’32” T, 007°01’12” I

— 44°02’48” T, 007°13’49” I

— 44°02’48” T, 007°10’03”I

— 44°00’15” T, 007°10’03” I

— 44°00’15” T, 007°13’49” I

— 44°10’00” T, 008°18’00” I

— 44°10’00” T, 008°14’00” I

— 44°07’00” T, 008°14’00” I

— 44°07’00” T, 008°18’00” I

— 43°34’00” T, 004°44’00” I

— 43°34’00” T, 004°39’00” I

— 43°32’00” T, 004°39’00” I

— 43°32’00” T, 004°44’00” I

— 44°07’00” T, 007°50’00” I

— 44°07’00” T, 007°45’00” I

— 44°05’00” T, 007°45’00” I

— 44°05’00” T, 007°50’00” I’;

(2) in Iarscríbhinn XIII, leasaítear Cuid A mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3.1:

‘3.1. Ní cheadófar iascaireacht ach le potaí, le gaistí éisc agus le spiléir sna limistéir a iniatar trí na comhordanáidí seo a leanas a cheangal le chéile go seicheamhach le rumlínte, a dhéanfar a thomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84:

‘Banc Thuaidh Lár Mhuir Bhailt’:

— 56,241°T — 17,042°O

— 56,022°T — 17,202°O

— 56,145°T — 17,710°O

— 56,380°T — 17,675°O’;

(b) Leasófar pointe 3.3 mar a leanas:

‘Idir an 1 Samhain agus an 31 Eanáir, beidh toirmeasc ar iascaireacht le líonta éighníomhacha ([1]) sna limistéir laistigh de na rumlínte, de línte deighilte ar thaobh na farraige a bhaineann le limistéar eacnamaíoch eisiach na Gearmáine ([2]) nó de na línte teorannaithe ar fharraige theorann na Gearmáine ([3]) a cheanglaíonn go seicheamhach na sraitheanna comhordanáidí seo a leanas, a dhéanfar a thomhas de réir chóras WGS84:’

(c) I bpointe 3.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na ranna ‘Láithreán Natura 2000 ‘Adlergrund (DE1251301)’, ‘Láithreán Natura 2000 ‘Westliche Rönnebank’ (DE1249301)’ agus ‘Láithreán Natura 2000 ‘Pommersche Bucht mit Oderbank’ (DE1652301)’:

Láithreán Natura 2000 ‘Westliche Rönnebank’ (DE1249301)

An limistéar geografach atá laistigh de:

(1) rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead (T)	Domhanfhad (O)
MGI-01	54,719193°	13,901025°
MGI-02	54,770556°	14,003889°
MGI-03	54,702500°	14,103889°
MGI-04	54,647584°	13,991417°

([1]) Leath-sruthlíonta, arna n-aicmiú i gClár Cabhlaigh an Choimisiúin Eorpaigh mar eangach gheolbhaigh, atá ar ancaire ar ghrinneall na farraige ar thaobh amháin, a thagann faoi réim an tsainmhínithe ar líonta éighníomhacha.

([2]) De réir chairteacha loingseoireachta oifigiúla Uimh. 2920 agus 2921 a d’fhoilsigh Údarás Muirí na Gearmáine [BSH- Bundesamt für Seeschifffahrt und Hydrographie]

([3]) De réir chairteacha loingseoireachta oifigiúla Uimh. 2920 agus 2921 a d’fhoilsigh Údarás Muirí na Gearmáine [BSH- Bundesamt für Seeschifffahrt und Hydrographie].

(2) líne theorannaithe ar thaobh na farraige a bhaineann le farraige theorann na Gearmáine ó 54,647584° T 13,991417° O go 54,719193° T 13,901025° O.'

'Láithreán Natura 2000 'Adlergrund' (DE1251301)

An limistéar geografach atá laistigh de:

(1) rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead (T)	Domhanfhad (O)
MGII-01	54,811946°	14,239196°
MGII-02	54,721667°	14,141667°
MGII-03	54,698889°	14,117222°
MGII-04	54,657727°	14,413062°

(2) líne dheighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge ó 54,657727° T14,413062° O go 54,811946° T 14,239196° O'

Láithreán Natura 2000 'Pommersche Bucht mit Oderbank' (DE1652301)

An limistéar geografach atá laistigh de:

(1) rumlíne lena gceanglaítear go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead (T)	Domhanfhad (O)
MGIII-01	54,500000°	14,055211°
MGIII -02	54,500000°	14,742241°

(2) líne dheighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Polainne ó 54,5° T 14,742241° O go 54,126151° T 14,201431° O

(3) líne theorannaithe ar thaobh na farraige a bhaineann le farraige theorann na Gearmáine ó 54,126151° T 14,201431° O Go 54,5° T 14,055211° O'

(d) I bpointe 3.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na Roinne 'láithreán Natura 2000 'Pommersche Bucht' (DE1552401)':

'Láithreán Natura 2000 'Pommersche Bucht' (DE1552401)

An limistéar geografach atá laistigh de:

(1) rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na comhordanáidí seo a leanas:

Pointe	Domhanleithead (T)	Domhanfhad (O)
MGIV-01	54,647584°	13,991417°
MGIV-02	54,702500°	14,103889°
MGIV-03	54,721667°	14,141667°
MGIV-04	54,811946°	14,239196°

(2) línte deighilte ar thaobh na farraige idir Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge ó 54,811946° T 14,239196° O go 54,657727° T 14,413062° O, Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Danmhairge nó Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Polainne ó 54,657727° T 14,413062° O go 54,5° T 14,742241° O agus Limistéir Eacnamaíocha Eisiacha na Gearmáine agus na Polainne ó 54,5° T 14,742241° O go 54,126151° T 14,201431° O.

(3) líne theorannaithe ar thaobh na farraige a bhaineann le farraige theorann na Gearmáine ó 54,126151° T 14,201431° O go 54,5° T 14,055211° O agus 54,5° T 14,055211° O go 54,647584° T 13,991417° O'.